

## **7 Bealtaine 2010**

### **Tá an tAire Pat Carey tar éis fáilte a chur roimh chlár iomlán d'imeachtaí áitiúla do Chomóradh Náisiúnta ar an nGorta Mór i Muraisc, Co. Maigh Eo**

Inniu (7/05/10), d'fháiltigh Pádraig Ó Ciardha T.D., an tAire Gnóthái, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta roimh chlár iomlán imeachtaí atá eagraithe ag Cumann Forbartha Muraisc don Chomóradh Náisiúnta ar an nGorta Mór i Muraisc, Co. Maigh Eo.

Cuimsíonn an clár an culture, an stair, an ceol agus an amhránaíocht agus léireoidh sé an t-omós cuí dóibh siúd a cailleadh nó a d'fhulaing le linn an Ghorta Mhóir.

Agus é ag labhairt inniu dúirt an tAire gur mhian leis "buíochas a ghabháil le gach duine a raibh lámh acu i cgur le chéile an chlár seo. Tuigim gur bhain mórchuid oibre leis agus tá an obair sin ina léiriú ar an omós mór atá ann fós sa lá atá inniu ann dóibh siúd a cailleadh nó a d'fhulaing le linn na tragóide moiré Éireannaí seo. Déanfar an Lá Náisiúnta Comórtha 2010 a mharcáil le himeacht fhoirmeálta Stáit i Muraisc ar an 16ú Bealtaine. Léireoidh an imeacht seo, mar aon leis an gclár iomlán d'imeachtaí áitiúla toil mhuintir na hÉireann aitheantas a thabhairt dá n-oidhreacht féin agus aird a tharraingt orthu siúd atá ag fulaingt den ocras agus den ghorta in áiteanna ar fud na cruinne fós.

Cuirfear tús leis an gclár Dé Luain an 10ú Bealtaine ag 8i.n le ceolchoirm "Writing the Famine in Fiction" leis an gcumadóir aitheanta Brendan Graham agus beidh léacht le príomhfheidhmeannach Goal, John O'Shea a thabharfaidh caint faoi thionchar an Ghorta timpeall na cruinne lenar linn féin. Anuas ar sin beidh sraith imeachtaí éagsúla ar siúl i gcaitheamh na seachtaine i Muraisc, i gCaisleán an Bharraigh, agus i gCathair na Mart agus siúlóidí, imeachtaí ceoil agus léachtaí ina measc.

Chun a thuilleadh eolais a fháil faoi na himeachtaí ar fad a bheidh ann an tseachtain roimh an 16 Bealtaine déan teagmháil le Comhairle Bhaile Chathair na Mart, Co. Maigh Eo Fón: 098-50400.

**Críoch**